Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall
*Donegal Education and Training Board*

# Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall (ETB)
# Seirbhís Breisoideachais agus Oiliúna (FET)

# Faisnéisiú agus Comhairliúchán Foirne 2020
# Achoimre Fheidhmeach

**Fís ETB Dhún na nGall**

Sármhaitheas maidir le seirbhís oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán a chur ar fáil, seirbhís atá foghlaimeoirlárnach.

**Misean ETB Dhún na nGall**

Oideachas agus oiliúint inrochtana agus ionchuimsitheach a chur chun cinn, a sholáthar agus tacú leis, rud a chuireann ar chumas daoine óga agus aosaigh iad féin a chumhachtú chun a lánacmhainneacht a bhaint amach i dtimpeallacht shábháilte chomhbhách.

Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall
Donegal Education and Training Board

**CLÁR**


I. COMHTHÉACS ....................................................................................................3

II. MODHEOLAÍOCHT ..............................................................................................4

III. TORTHAÍ ..........................................................................................................5

Gníomhaíocht 1 .................................................................................................5

Gníomhaíocht 2 .................................................................................................5

Gníomhaíocht 3 .................................................................................................8

Gníomhaíocht 4 .................................................................................................8

Suirbhé *Mentimeter* ........................................................................................9

IV. CONCLÚIDÍ AGUS MOLTAÍ ..............................................................................11

# I. COMHTHÉACS

Ní mór do chóras Dearbhaithe Cáilíochta (DC) a chabhróidh le Seirbhís Breisoideachais agus Oiliúna Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall (ETB) na gealltanais ina ráitis Fís agus Misin a chomhlíonadh, dul níos faide ná beartais agus nósanna imeachta láidre a shainordú. Caithfidh sé a bheith nuálaíoch agus freagrúil do riachtanais agus d'eispéiris na mac léinn a úsáideann Seirbhís FET ETB Dhún na nGall agus na foirne a chuireann na heispéiris sin ar fáil.

Reáchtáil ETB Dhún na nGall trí ócáid Faisnéisithe agus Comhairliúcháin don Fhoireann FET i mí Feabhra 2020. Ba iad dátaí agus ionaid na n-ócáidí sin ná:

- Dé Céadaoin, 26 Feabhra: Central Hotel, Baile Dhún na nGall
- Déardaoin, 27 Feabhra: Óstán Gateway Inis Eoghain, Bun Cranncha
- Dé hAoine, 28 Feabhra: Radisson Hotel, Leitir Ceanainn

Dearadh na hócáidí sin le baill foirne ar fud na seirbhíse a chur ar an eolas faoi fhorbairt chóras DC ETB Dhún na nGall, agus, dá réir sin, faisnéis a bhailiú uathu faoi na rudaí a theastaíonn uathu agus a bhfuil siad ag súil leo ó bheartais agus nósanna imeachta dearbhaithe cáilíochta. Deis a bhí sna hócáidí fosta dul i gcomhairle leis an fhoireann maidir leis an 'Athbhreithniú Tionscnaimh ar Dhearbhú Cáilíochta laistigh den ETB' a bheidh ar siúl in 2021 agus an bealach is fearr a bhféadfadh muid ullmhú don ócáid agus a chinntiú go mbeidh baill foirne páirteach sa phróiseas.

Faoi láthair, tá sraith fhairsing de bheartais agus nósanna imeachta dearbhaithe cáilíochta doiciméadaithe ag Seirbhís FET ETB Dhún na nGall atá treoraithe ag na comhaontuithe DC leagáide ábhartha mar seo a leanas:

- Comhaontú maidir le Córas Idirthréimhseach Dearbhaithe Cáilíochta (CIDC)
- Comhaontú DC VEC

Ag gach ócáid, cuireadh roinnt ábhar i láthair na foirne maidir le forbairt an chórais DC. Ina measc bhí:

- An gá atá leis an dá chóras DC reatha (CIDC agus Dearbhú Cáilíochta ETB Dhún na nGall) a athbhreithniú agus a nuashonrú chun gníomhaíochtaí eagraíochta amháin a léiriú.
- An gá atá le Fís agus Misean ETB Dhún na nGall a sheachadadh.
- An gá atá le ETB Dhún na nGall a ghealltanais a chomhlíonadh faoi na croí-threoirlínte reachtúla maidir le Dearbhú Cáilíochta faoi mar atá siad leagtha amach ag Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI).
- An gá atá le cáilíocht eispéireas na mac léinn a sholáthraíonn ETB Dhún na nGall a fheabhsú go leanúnach.

Mar gheall ar na riachtanais atá ar an eagraíocht athbhreithniú a dhéanamh ar na córais DC atá i bhfeidhm faoi láthair agus eispéireas na ndaoine a úsáideann Seirbhís FET ETB Dhún na nGall a fheabhsú ní mór dúinn faisnéis a bhailiú go héifeachtach ó gach cearn den tseirbhís. Ina theannta sin, sonraítear sna hábhair sin fosta an comhthéacs ina bhfuil forbairt chóras DC na Seirbhíse FET ar siúl agus léiríonn siad go bhfuil a chur i bhfeidhm á threorú ag riachtanais Sheirbhís FET an ETB í féin. Tá sé sin ar aon dul le croí-threoirlínte an QQI, a mholann córas dearbhaithe cáilíochta atá á threorú ag an soláthraí

## II. MODHEOLAÍOCHT

Ag gach ócáid, rinneadh cur i láthair don fhoireann a bhí i láthair a:

- chuir daoine ar an eolas i dtaobh Chóras comhtháite Dearbhaithe Cáilíochta FET ETB Dhún na nGall.
- thug breac-chuntas ar an struchtúr Rialachais DC a bunaíodh in ETB Dhún na nGall chun tacú le forbairt, cur i bhfeidhm, athbhreithniú agus bainistíocht leanúnach an Chórais DC.
- Rinne cur síos ar an Tuarascáil Féinmheastóireachta (TF) agus ar phróisis Athbhreithnithe Reachtúil QQI agus a mhínigh an nasc atá acu le forbairt Chóras comhtháite DC ETB Dhún na nGall.

I ndiaidh an chuir i láthair ghlac baill foirne páirt i gceithre ghníomhaíocht. Bhí na gníomhaíochtaí sin dírithe ar aiseolas a bhailiú ó bhaill foirne i dtaca le cumarsáid le baill foirne maidir le córas DC ETB Dhún na nGall a fhorbairt, an tábhacht chomparáideach a bhaineann le gnéithe éagsúla de sholáthar FET agus pleanáil do na próisis Féinmheastóireachta agus Athbhreithnithe Reachtúla atá le tarlú go luath.

## III. TORTHAÍ

**Gníomhaíocht 1: Cén dóigh ar mhaith leat go rachfaí i gcomhairle leat maidir le Forbairtí Dearbhaithe Cáilíochta?**

Luaigh gach grúpa ó gach ionad gur chóir forbairtí DC a ionchorprú in ócáidí faisnéisithe agus cruinnithe foirne, go hidéalach mar mhír ar an chlár oibre. Dar leis na rannpháirtithe gur bealach maith é le faisnéis a bhailiú agus a scaipeadh.

D'iarr mórchuid na foirne go mbeadh nuashonruithe DC ar fáil i bhformáid dhigiteach trí r-phost, nuachtlitir, fóram ar líne mar *Padlet*, *Google Classroom*, Inlíon foirne ETB Dhún na nGall (dúradh nach mbaintear go leor úsáide as sin faoi láthair) nó ardán aiseolais ar líne eile. Glactar leis ó na barúlacha gur mhaith leis an fhoireann stór lárnach faisnéise a bheith ann ina mbeadh forbairtí DC agus nuashonruithe ar fáil mar aon le háit a ligfeadh don fhoireann aiseolas a thabhairt.

Luadh comhordaitheoirí agus bainisteoirí líne mar an teagmháil is fearr le haghaidh nuashonruithe DC agus tá comhairliúchán foirne ina fhachtóir tábhachtach maidir le haiseolas ábhartha.

Úsáideadh an focal 'uileghabhálach' i dtaca le DC arís agus arís eile agus sonraíodh cuimsiú na foirne uile ag gach leibhéal mar bheart a raibh siad sásta leis. Cuireadh in iúl fosta gur chóir go mbeadh cruinnithe foirne níos uileghabhálaí. Ba mhaith leis an fhoireann go dtabharfadh an Fhoireann DC níos mó cuairteanna ar ionaid agus ba mhaith leis an fhoireann nuashonruithe a fháil go díreach ón Fhoireann DC.

**Gníomhaíocht 2: Córas Dearbhaithe Cáilíochta Seirbhíse FET ETB Dhún na nGall a Fhorbairt**

Liostáil an ghníomhaíocht sin ceithre phríomhréimse den chóras DC. Thug an fhoireann le fios cad a bhí i gceist le gach téama dóibh agus cén fáth a raibh sé tábhachtach. Ansin thug siad moltaí maidir le forbairtí amach anseo. Tá an-chuid barúlacha ann, le roinnt mhaith dúblála. Liostaíonn an tábla seo a leanas na príomhthéamaí.

| **1. Measúnú cothrom comhsheasmhach** |
|---|
| • *Ba cheart go mbeadh cáilíocht an oideachais a fhaigheann mac léinn in ionad FET i nDún na nGall ar aon cháilíocht / chaighdeán leis an soláthar atá mac léinn ag fáil in aon ionad eile laistigh den ETB agus sa tír.*<br>• *Measúnú cothrom comhsheasmhach: le caitheamh go cothrom le gach mac léinn, caithfidh measúnuithe a bheith cóir agus comhsheasmhach agus táthar den tuairim gur tosaíocht é sin.*<br>• *Comhsheasmhacht maidir le cáilíocht: gráid, cáilíochtaí, measúnuithe, eispéireas na mac léinn, dearadh uilíoch, cóiríocht réasúnta.* |

| |
|---|
| <ul><li>*Mic Léinn: am breise le haghaidh measúnuithe, comhdheiseanna le tacaíocht agus cúnamh breise, níos mó acmhainní le haghaidh tacaíochtaí.*</li><li>*Measúnuithe: measúnuithe nuashonraithe atá éagsúil óna chéile, measúnuithe nach bhfuil chomh foirmiúil sin ach atá níos barántúla.*</li><li>*Fíordheimhniú Seachtrach: tuilleadh aiseolais ón EA, aiseolas ar an dóigh le feabhsú.*</li><li>*Tá cleachtas gairmiúil thar a bheith tábhachtach.*</li><li>*Meastóireacht agus feabhsú leanúnach: an bhfuil ár mbearta reatha éifeachtach, inoiriúnaithe; an gcuirtear na nithe sin in iúl do dhaoine go soiléir? Aiseolas ó mhic léinn as a dtiocfaidh feabhas leanúnach.*</li></ul> |
| **2. Timpeallacht foghlama** |
| <ul><li>*Uileghabhálacht, cúram agus spreagadh mac léinn i seomra ranga agus in ionad dea-fheistithe.*</li><li>*Timpeallacht foghlama dearfach ina mbraitheann mic léinn go bhfuil tacaíocht acu agus ina mbraitheann siad gur féidir leo ceisteanna a chur nó cabhair a lorg.*</li><li>*Measúnú cóir, inrochtana agus cuidiúil; Difreáil mac léinn agus rochtain fhisiciúil. Dínit, meas agus cáilíocht.*</li><li>*Níl roinnt ionad ag baint an chaighdeáin chuí amach - fuar, drochthéamh. Seomraí ranga réamhdhéanta nach bhfuil oiriúnach.*</li><li>*Caithfidh an timpeallacht foghlama a bheith nua-aimseartha agus cothrom le dáta leis an teicneolaíocht cheart. Sábháilte agus fáilteach fosta.*</li><li>*An-tábhachtach go mbeadh gach TFC agus FCT i bhfeidhm chun an timpeallacht foghlama is fearr a chinntiú.*</li><li>*Tá trealamh agus acmhainní níos fearr ag roinnt ionad ná a chéile - tá an t-eispéireas an-difriúil do mhic léinn, ag brath ar an ionad agus ar an chlár a bhfuil siad ag plé leis.*</li></ul> |
| **3. Athbhreithniú ar chúrsa** |
| <ul><li>*Caithfear monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar chúrsaí chun iad a fheabhsú. Is féidir le hathbhreithniú ar chúrsa a thaispeáint cad a bhaineann na mic léinn amach as an chúrsa agus cén dóigh ar féidir é a athrú chun freastal ar riachtanais na mac léinn. Féach ar gach cúrsa, agus an t-aiseolas ó mhúinteoirí/oidí/theagascóirí agus ó mhic léinn á úsáid, leis an chúrsa a fheabhsú. Cad iad na rudaí ar éirigh go maith leo? Cad iad na rudaí nár éirigh chomh maith sin leo?*</li><li>*Dul i gcomhairle le fostóirí lena chinntiú go mbíonn poist mar thoradh ar na cúrsaí a reáchtáiltear. A chinntiú go bhfuil cúrsaí oiriúnach don fheidhm, nach bhfuil rósholáthar ag tarlú agus a chinntiú go bhfuil cúrsaí ag cuidiú le daoine maidir le fostaíocht / dul chun cinn.*</li></ul> |

- *Athbhreithniú a dhéanamh ar chúrsaí agus ar chláir agus iad a nuashonrú go córasach*
- *Athbhreithniú a dhéanamh ar chúrsaí agus ar ábhar lena chinntiú go bhfuil an t-ábhar ábhartha, cothrom le dáta agus i gcomhréir lena chéile ar fud na seirbhíse.*
- *Tábhachtach iarracht a dhéanamh barr feabhais a bhaint amach.*
- *Athbhreithniú  a dhéanamh ar chúrsaí ar bhonn leanúnach bunaithe ar aiseolas ó mhúinteoirí/oidí/theagascóirí, ó mhic léinn srl. le coinneáil suas leis an dóigh a bhfuil an saol ag athrú.*

| 4. Forbairt foirne |
| --- |
| ● *Cuirtear oiliúint ar bhaill foirne maidir leis an dóigh le déileáil le stíleanna foghlama éagsúla, m.sh. mac léinn a bhfuil deacrachtaí foghlama aige.*<br>● *Caithfidh na cáilíochtaí riachtanacha a bheith ag baill foirne chun an ról a chomhlíonadh agus coinneáil suas le forbairtí ina réimse féin. Tá FGL/CPD i do réimse gairme an-tábhachtach.*<br>● *Tacaíocht do mhic léinn. Caithfear baill foirne a chur ar an eolas agus cead a thabhairt dóibh tacaíocht a fháil / forbairt go gairmiúil.*<br>● *Caithfidh gach ball foirne a bheith ar an eolas faoi na hionchais a bhaineann le seirbhís ar ardchaighdeán a sholáthar. Caithfidh siad a bheith ar an eolas faoi na seirbhísí tacaíochta atá ar fáil dóibh.*<br>● *FGL/CPD - smaoineamh iontach atá curtha i bhfeidhm le dhá bhliain anuas. Níos mó le do thoil. Ní gá go mbeadh sé róstruchtúrtha. Tá sé an-tábhachtach féinfhorbairt a spreagadh; éiríonn go maith le mic léinn má spreagtar iad maidir le féinfhorbairt. Má tá baill foirne oilte agus muiníneach maidir lena bpoist a dhéanamh, beidh foghlaim / eispéireas ar chaighdeán níos fearr ann. Tábhachtach maidir le coinneáil / ardú céime foirne.*<br>● *Tá sé tábhachtach i gcónaí baill foirne a fhorbairt trí mhodhanna éagsúla.*<br>● *Caithfear eolas a thabhairt dár bpríomhacmhainn, dul i gcomhairle leo, iad a fhorbairt agus tacú leo. Tá freagracht ar an fhoireann FGL/CPD a úsáid agus a chur i bhfeidhm.* |
| **Eile** |
| ● *Tacaíocht don fhoireann: tá tacaíocht don fhoireann agus do mhic léinn riachtanach. Tacaíocht bhreise do mhic léinn: tá sé sin ar neamhréir i láthair na huaire ar fud na gclár go léir agus caithfear athbhreithniú a dhéanamh ar an chóras, agus beartais agus nósanna imeachta a fhorbairt le freastal ar na mic léinn atá ag ETB Dhún na nGall anois agus a bheidh aige amach anseo ar chláir chúrsa.*<br>● *Tá gá le comhordaitheoirí TFC i ngach ionad le maoirseacht a dhéanamh ar shaincheisteanna cothabhála agus deacrachtaí teicniúla.*<br>● *Oifigeach míchumais. Ciste rochtana do mhic léinn. Déileáil le saincheisteanna meabhairshláinte.*<br>● *Cruinnithe foirne: cruinnithe foirne laistigh den chéim mheastóireachta / athbhreithnithe. Níos mó cruinnithe le hoidí, múinteoirí.*<br>● *Cumarsáid: ní fhaigheann gach ball foirne cumarsáid ar ábhair / imeachtaí / FGL/CPD, srl.*<br>● *Tá ionduchtú foirne criticiúil.* |

**Gníomhaíocht 3: Cad é an dóigh is fearr a dtiocfadh linn cumarsáid a dhéanamh faoin Tuarascáil Féinmheastóireachta (TF) agus faoin Athbhreithniú Tionscnaimh?**

Is minic a moladh modhanna cumarsáide ar líne sna freagraí ar an cheist sin, agus luadh réimse leathan ardán.

- *Inlíon / suíomh gréasáin /* r-*phost*
- *Dírigh aird ar dhea-chleachtas - na meáin shóisialta*
- *Tiomántán comhroinnte / Google Drive / Fóram ar líne*

Moladh gur chóir go mbeadh nuachtlitir ann, rud atá á pleanáil ag an Fhoireann DC faoi láthair.

Seachas modhanna cumarsáide ar líne, is léir fosta go gcuirfeadh baill foirne FET luach ar chumarsáid duine le duine maidir leis an TF agus an t-athbhreithniú tionscnaimh DC. Mhol roinnt ball foirne gur chóir go mbeadh DC mar mhír ar an chlár oibre ag a gcruinnithe foirne. Ina theannta sin, tugann freagraí le fios go mbraitheann roinnt ball foirne FET gur cheart don fhoireann DC faisnéis a thabhairt dóibh ina dtimpeallacht oibre féin.

Mhol freagraí eile idirghníomhaíocht eagraithe aghaidh ar aghaidh i measc baill foirne laistigh d'ionaid, nach gá go mbeadh baill den Fhoireann DC páirteach iontu, le faisnéis a roinnt. Mhol roinnt daoine a bhí i láthair go mbeadh ionadaithe foirne acu le haghaidh DC.

Bhraith roinnt ball foirne a bhí i láthair ag na hócáidí comhairliúcháin agus faisnéisithe gur cheart aiseolas ar chur i bhfeidhm próisis DC a bhailiú trí úsáid a bhaint as suirbhéanna, ceistneoirí nó foirmeacha aiseolais.

**Gníomhaíocht 4: Roinn do chuid smaointe, le do thoil, faoin dóigh ar féidir le Seirbhís FET Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall an cur chuige maidir le pleanáil don tuarascáil féinmheastóireachta agus an chuairt athbhreithnithe a fheabhsú tuilleadh.**

Bhí cuid de na haighneachtaí don ghníomhaíocht sin cosúil le moltaí a tugadh mar fhreagra ar an cheist i nGníomhaíocht 3. Ina measc sin bhí an smaoineamh DC a dhéanamh mar mhír ar an chlár oibre ag cruinnithe, cruinnithe tiomnaithe a reáchtáil in ionaid FET agus ionadaithe tiomnaithe DC a cheapadh i measc fhoireann na n-ionad FET. Sa dá ghníomhaíocht, bhí líon beag freagraí a mhol fosta go gceapfaí ionadaithe mac léinn.

Léiríonn freagraí méid áirithe imní fosta .i. go gcuirfidh ullmhúchán don Tuarascáil Féinmheastóireachta agus cuairt athbhreithnithe QQI éilimh ar bhaill foirne FET nó go gcuirfidh sé isteach ar sheachadadh clár FET.

Mar sin féin, is léir sna freagraí ar an ghníomhaíocht sin go bhfuil dearcadh dearfach ag go leor ball foirne i leith DC agus fonn orthu é a chur i bhfeidhm.

- *Níos mó idirghníomhaíochta ar fud na gclár le dea-chleachtas a roinnt, srl.*
- Ba chóir go mbeadh DC *mar chuid de chultúr na heagraíochta ar bhonn leanúnach*

Tharraing an ghníomhaíocht sin roinnt moltaí cruthaitheacha ó bhaill foirne a bhí i láthair ag na hócáidí comhairliúcháin agus faisnéisithe.

- *Cásanna athbhreithnithe "bréagacha"*
- *Ba chóir teimpléid amhairc a fhorbairt ionas go mbeidh tuiscint shoiléir ag daoine ar fud an ETB ar dhea-chleachtas DC agus ar an dóigh lena chur i bhfeidhm ar fud na gclár agus na seirbhísí go léir*
- *D'fhéadfaí córais athbhreithnithe ar líne a fhorbairt chun scóip a sholáthar d'idirghabhálacha tráthúla a chuireann na mic léinn chun tosaigh*
- *Tairseacha atá dírithe ar róil ar leith, m.sh. oidí / múinteoirí / teagascóirí, airíoch, lucht riaracháin / Fócasghrúpaí le haghaidh riaracháin, oidí/múinteoirí/teagascóirí, airígh.*

Ní nach ionadh, is léir fosta ó na freagraí ar an ghníomhaíocht sin gur ar mhaithe leas na mac léinn atá an fhoireann FET, mar gur chuir go leor freagraí béim ar an smaoineamh gur cheart go mbainfeadh mic léinn tairbhe as an Tuarascáil Féinmheastóireachta agus as an phróiseas athbhreithnithe DC.

**Suirbhé *Mentimeter***

Bhí an suirbhé *Mentimeter* dírithe ar fhaisnéis faoi Chóras DC an ETB a chur in iúl do bhaill foirne ar fud na heagraíochta, agus cé chomh maith agus a thuigtear é.


Bhí cúig cinn de na seacht gceist a cuireadh oscailte agus bhí freagraí cáilíochtúla ag teastáil uathu. Sa tábla thíos cuirtear i láthair téamaí comónta a tháinig chun cinn. Úsáidtear cairteacha chun na sonraí cainníochtúla, arna spreagadh ag an dá cheist atá fágtha, a léiriú.

| **1. Cad a chiallaíonn Dearbhú Cáilíochta duitse?** |
|---|
| ● *Freagracht/Trédhearcacht*<br>● *Comhsheasmhacht/Cothroime*<br>● *Sármhaitheas/Gairmiúil*<br>● *Páipéarachas*<br>● *Cáilíocht/Caighdeáin* |
| **2. Cad é mar is féidir linn Córas Dearbhaithe Cáilíochta níos láidre a bhaint amach?** |
| ● *Comhoibriú*<br>● *Cumarsáid/Aiseolas*<br>● Leanúnachas<br>● *Ceannaireacht* |

**3. Cad é mar a thiocfadh linn an fhoireann a fháil le bheith níos rannpháirtí i bhforbairt DC?**

- *Fiafraigh den fhoireann*
- *Cruthú ábhair*
- *Fócasghrúpaí / grúpaí beaga / Fóraim / ceardlanna / Ionadbhunaithe*
- *Cruinnithe / Oiliúint / ócáidí faisnéisithe*


**4. An bhfuil Rialachas agus Bainistíocht DC an ETB infheicthe agus trédhearcach?**




**5. Cad é mar is féidir linn na struchtúir Rialachais agus Bainistíochta a dhéanamh níos infheicthe?**

- *Cumarsáid*
- *Ríomhphost/Ar Líne*
- *Aiseolas*
- *Cuimsiú/Idirghníomhaíocht*
- *Eagraíocht (struchtúr/cairt)/Simpligh/Amhairc*
- *Cruinnithe i ngrúpaí beaga/Cruinnithe foirne/ócáidí faisnéisithe*

**6. Cé chomh maith agus a bhain ócáid an lae inniu a chuid aidhmeanna amach?**




**7. Cad a thiocfadh linn a dhéanamh chun an ócáid a fheabhsú?**

- *Ócáid faisnéisithe / ríomhphost / clár oibre roimh an ócáid*
- *Ionadbhunaithe*
- Aiseolas

| |
|---|
| ● *Grúpaí níos lú* |

## IV. CONCLÚIDÍ AGUS MOLTAÍ

Caithfear féachaint ar rannpháirtíocht cheart na mball foirne a d'fhreastail ar na hócáidí Faisnéisithe agus Comhairliúcháin DC mar fhoinse spreagtha de réir mar a théann Seirbhís FET ETB Dhún na nGall ar aghaidh le córas comhtháite DC amháin a chur i bhfeidhm. Is léir ón aiseolas uilig a cuireadh isteach mar fhreagairt ar na ceithre ghníomhaíocht agus an suirbhé, go bhfuil fianaise láidir ann gur mhaith leis an fhoireann go mbeadh an próiseas comhoibritheach, ina mbeadh comhairliúcháin idir baill foirne, an fhoireann DC agus lucht bainistíochta sinsearaí, agus i measc na mball foirne féin.

- Is é an tátal uileghabhálach is soiléire a d'eascair as na hócáidí Faisnéise agus Comhairliúcháin sin ná go mbraitheann glacadh rathúil ar fud na heagraíochta ar bheartais agus nósanna imeachta DC, agus cloí leo ina dhiaidh sin, ar chur chuige comhoibritheach leanúnach a ghlacadh maidir le córas DC Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall dá Sheirbhís FET.

- Léiríonn an t-aiseolas a fuarthas go bhfuil gá le modhanna cumarsáide iomadúla lena chinntiú go gcuirfear faisnéis maidir leis an athbhreithniú DC agus an Tuarascáil Féinmheastóireachta (TF) ar aghaidh go rathúil ar fud na heagraíochta ar bhonn leanúnach.

- I measc na samplaí cumarsáide tá Nuachtlitir DC, deasc chabhrach DC, agus cruinnithe DC a reáchtáil laistigh d'ionaid.

- Caithfear machnamh cúramach a dhéanamh ar chumarsáid ar líne, ní hamháin lena héifeachtacht a uasmhéadú, ach le mearbhall a sheachaint fosta. I measc na mbeart a moladh tá: straitéis chumarsáide DC agus pointe teagmhála ainmnithe do cheisteanna a bhaineann le DC a chruthú agus a chothabháil.

- Cé go bhfuil dearcadh na foirne FET i leith dearbhú cáilíochta dearfach den chuid is mó, tugann roinnt barúlacha le fios go bhfuil dearcadh ann go mbeidh an próiseas athbhreithnithe DC reatha, agus beartais agus nósanna imeachta DC sa todhchaí, trom do bhaill foirne agus go bhféadfadh sé cur isteach ar an saol in ionaid FET agus ar sheachadadh clár. Le cultúr ar ardchaighdeán a fheabhsú tuilleadh, tá sé riachtanach leanúint ar aghaidh le DC a chur chun cinn go dearfach agus ba cheart é sin a chur san áireamh i ngach idirghníomhaíocht agus cumarsáid le baill foirne FET.